

Cruinniú 8: 20^ú Bealtaine 2022 in Ionad Fiontair an Mhuilinn

Tá an Roinn Dlí agus Cirt ag leanúint le cur chun cinn bhunú an ghrúpa maoirseachta ardleibhéil, a dtagraítear dó i ngníomh 1.1 den Phlean Forfheidhmithe.

Tarraingíodh aird ar rathúlacht an imeachta Feasachta agus Coiscthe Drugaí a reáchtáladh ar na mallaibh do sholáthraithe oideachais, arna eagrú ag an bhfoghruúpa Póilíneachta agus Drugaí.

Rinneadh plé ar thogra i dtaca le Tuairisciú Imeaglú atá Bainteach le Drugaí i gceantar Dhroichead Átha agus cuireadh faoi bhráid Tháschfórsa an Oirthuaiscirt um Dhrugaí agus Alcól agus FSS é lena bhreithniú.

Táthar tar éis comhfhreagras a fháil ó chónaitheoirí Mhainéar an Chaisleáin i dtaca leis ‘an mbearna’ a dtagraítear dó i ngníomh 8.7. Tugadh faoi deara go mbaineann cuid de na cumarsáidí sin le cúrsaí póilíneachta. Tógadh ceisteanna i dtaca le rannpháirtíocht phobail agus tugadh le fios go raibh baill foirne de chuid Chomhairle Contae Lú amuigh sa cheantar agus iad ag caint le cónaitheoirí.

Rinneadh plé maidir leis an taobh ó dheas de Dhroichead Átha mar ar tagraíodh dó i dTuarascáil agus Plean Forfheidhmithe Geiran agus ar an easpa tagartha do Ghrúpa Forbartha Lifestyle atá ag soláthar tacaíochtaí le 30 bliain anuas sa phobal. Cuireadh in iúl don Bhorad go bhfuil Lifestyle, mar fhreagra ar ngníomh 4.3 den Phlean Forfheidhmithe, ag fiosrú na féidearthachta go ndéanfaí Ionad Acmhainní Teaghlaigh díobh a dhéanfadh freastal ar an Taobh Theas den bhaile. Bhí tacaíocht láidir ann don togra seo i measc chomhaltaí an Bhoird cé gur tugadh suntas do na dúshláin airgeadais a bheadh ag baint leis.

Tá Cuibhreannas na Mónadh Móire tar éis tosú ar airgead a thiomsú lena gcuid oibre a éascú chun pleananna a fhorbairt le haghaidh Mol Pobail na Mónadh Móire. Cuirfidh an t-airgead a bhaileofar ó Rith Lár Samhraidh Chumann Lúthchleasaíochta Dhroichead Átha agus an Cheantair Máguaird, a reáchtálfar ar an 17^ú Meitheamh, leis seo. Spreagadh comhaltaí an Bhoird le bheith rannpháirteach.

Bhí plé mionsonrach ann i dtaca le Gníomh 2.13 (Eispéiris Dhíobhálacha Óige) agus sainaitníodh deis leis seo a leathnú le go bhféadfaí cur chuige Pobail Tráma-threoraithe iomlán a ionchorprú.

Rinne comhaltaí an Bhoird athbhreithniú arís ar an gCiste Nuálaíochta Sábháilteachta Pobail. Aontaíodh go ndéanfaí an ciste seo a chur chun cinn i measc an phobail, go molfaí d’iarratasóirí athbhreithniú a dhéanamh ar an gcaoi a bhfreagraíonn a dtionscadal féin do Phlean Forfheidhmithe Thuarascáil Dhroichead Átha agus go sainaitneofaí an gníomh/na gníomhartha sonracha lena mbaineann sé.

Tugadh cuireadh do Citywide cur i láthair a dhéanamh ar Uirlis Measúnachta Thionchar na Coiriúlachta ar an bPobal le comhaltaí an Bhoird ag an gcéad chruinniú eile ar an 17^ú Meitheamh.

Cuireadh an cruinniú a bhí beartaithe le baill den Gharda Síochána, lena n-áireofaí cur i láthair ar an tionscnamh ‘An bhfaca tú rud éigin? Abair rud éigin’ mar atá leagtha amach i ngníomh 2.12 den Phlean Forfheidhmithe, ar athlá. Táthar ag fiosrú dátaí malartacha i mí an Mheithimh.